Coimisiún na Meán

# Dréachtrialacha maidir le Seirbhísí Meán

# Rialacha Rochtana le haghaidh Seirbhísí Craolacháin Teilifíse

Dáta foilsithe: Samhain 2024

# Clár


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Réamhrá | 3 |
| 2. | Raon agus Dlínse | 3 |
| 3. | Cuspóir agus Ullmhú na Rialacha | 4 |
| 4. | Na Prionsabail Rialála atá Ábhartha maidir leis na Rialacha | 4 |
| 5. | Inscoiteacht | 5 |
| 6. | Tarscaoileadh | 6 |
| 7. | Comhlíontacht agus Forfheidhmiú | 6 |
| 8. | Gearáin agus Faisnéis | 6 |
| 9. | Treoir | 7 |
| 10. | Sainmhínithe | 7 |
| 11. | Inrochtaineacht Seirbhísí Craoltóireachta Teilifíse | 8 |
| 12. | Spriocanna le haghaidh Fotheidealú, Tráchtaireacht Fuaime agus Theanga Chomharthaíochta na hÉireann | 9 |
| | Fotheidealú | 9 |
| | Rialacha maidir le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) | 10 |
| | Rialacha maidir le Tráchtaireacht Fuaime (AD) | 11 |
| 13. | Rialacha Ginearálta a Bhaineann le Fotheidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Tráchtaireacht Fuaime a Sholáthar | 12 |
| | Aguisín a hAon: Prionsabail Rochtana agus Tosca Tionchair | 15 |
| | Aguisín a Dó: Caighdeáin a Bhaineann le Fotheidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Tráchtaireacht Fuaime | 19 |

# 1. Réamhrá

1.1. De bhun Alt 46O(5), (6), agus (7) den Acht Craolacháin 2009, arna leasú leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 (“**an tAcht**”), déanfaidh Coimisiún na Meán (an “**Coimisiún**”) rialacha (“**rialacha maidir le seirbhís meán**”) a bhaineann leis na ceanglais atá ar chraoltóirí maidir leis na cláir a chraolann siad, chun bearta a dhéanamh chun an tuiscint atá ag na daoine seo a leanas ar na cláir sin, agus an taitneamh a bhaineann siad astu, a chur chun cinn –

(a) daoine atá bodhar nó a bhfuil mallachar éisteachta orthu,[1]

(b) daoine atá dall nó caoch,[2] agus

(c) daoine a bhfuil lagú éisteachta orthu agus atá breacamharcach.

1.2. De bhun Alt 46O(8) den Acht, le rialacha maidir le seirbhís meáin, is féidir go gceanglófar ar chraoltóir a áirithiú gurb amhlaidh le céatadán sonraithe de na cláir a chraoltar ar sheirbhís craolacháin i dtréimhse shonraithe a úsáidtear modhanna sonraithe trína bhféadfar an tuiscint a bhaineann daoine, dá dtagraítear san fho-alt sin, as an gcéatadán sin de chláir, agus an taitneamh a bhaineann siad as, a chur chun cinn.

1.3. De bhun Alt 46O(9) den Acht, forálfar le rialacha maidir le seirbhís meán do na hábhair a gceanglaítear foráil a dhéanamh maidir leo le hAirteagail 6(1), 6a(1), 7, 7b, 8, 9, 10, 11, Caibidil VI agus Airteagail 23(2), 24, 25 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (ach amháin a mhéid a fhoráiltear le cóid maidir le seirbhís meán).

1.4. De bhun Alt 46O(13)(a) den Acht, lean na Rialacha Rochtana arna ndátú an 28 Eanáir 2019 ó Údarás Craolacháin na hÉireann de bheith i bhfeidhm le bunú an Choimisiúin.

1.5. I gcomhréir lena dhualgais agus lena oibleagáidí reachtúla mar a leagtar amach thuas, d’ullmhaigh an Coimisiún na rialacha seo maidir le seirbhís meán (na “**Rialacha**”). Cuireadh na Rialacha seo in ionad na Rialacha Rochtana arna ndátú an 28 Eanáir 2019 a chúlghairfear amhail ón 5 Samhain 2024, arb é sin an dáta a thagann na Rialacha seo in éifeacht.

# 2. Raon agus Dlínse

2.1. Leis na Rialacha tugtar éifeacht d’Airteagal 7 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc in Éirinn, a mhéid a bhaineann siad le craoltóirí teilifíse.

2.2. Níl feidhm ag na Rialacha ach amháin maidir le craoltóirí teilifíse faoi dhlínse an Stáit de réir bhrí Alt 2A den Acht.

[1] Cé go n-úsáidtear an téarma “mallachar éisteachta” san Acht, sna Rialacha úsáidfear an téarma “daoine faoi allaíre” ina ionad chun an téarmaíocht roghnaithe a léiriú.
[2] Cé go n-úsáidtear an téarma “dall nó caoch” san Acht, sna Rialacha úsáidfear an téarma “daoine ar a bhfuil lagú radhairc” ina ionad chun an téarmaíocht roghnaithe a léiriú.

# 3. Cuspóir agus Ullmhú na Rialacha

3.1. Is é is cuspóir de na Rialacha a áirithiú go gcomhlíonfaidh craoltóirí atá faoi dhlínse an Stáit ceanglais Airteagal 7 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc agus na dualgais a leagtar amach faoi Alt 46O den Acht maidir le bearta inrochtaineachta a sholáthar dá seirbhísí craolacháin.

3.2. Ullmhaíodh na Rialacha i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear le hAlt 46Q den Acht.

# 4. Na Prionsabail Rialála atá Ábhartha maidir leis na Rialacha

4.1. I léirmhíniú, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Choimisiúin ar na Rialacha, ní mór dó, i gcomhréir lena dhualgais sa dlí poiblí, gníomhú go dlíthiúil, go réasúnta agus go cothrom.

4.2. Go sonrach, ní mór don Choimisiún gníomhú i gcomhréir leis an méid seo a leanas: -

- a chuspóirí agus a fheidhmeanna reachtúla ginearálta faoin Acht.

- na cearta a thugtar leis an mBunreacht, leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ag féachaint de réir mar is infheidhme faoin Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003, agus faoi Chonarthaí an Aontais Eorpaigh.

4.3. I léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Choimisiúin ar na Rialacha, tabharfaidh sé aird chuí ar an méid seo a leanas:

- daingniú an Stáit ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, go háirithe Airteagal 9 (Inrochtaineacht), Airteagal 21 (Saoirse cainte agus tuairimíochta, agus rochtain ar fhaisnéis), agus Airteagal 30 (Rannpháirtíocht sa saol cultúrtha, áineas, fóillíocht agus spórt).

- forálacha an Ghnímh Eorpaigh Inrochtaineachta agus I.R. Uimh. 636/2023 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ceanglais Inrochtaineachta le haghaidh Táirgí agus Seirbhísí), 2023 (atá sceidealaithe teacht i bhfeidhm an 28 Meitheamh 2025).

4.4. Déantar foráil in Alt 7(2) den Acht maidir leis an gCoimisiún, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, go bhféachfaidh sé lena chinntiú go gcloítear leis na luachanna daonlathacha a dhaingnítear sa Bhunreacht, go háirithe iad siúd a bhaineann le saoirse dhlisteanach na tuairimíochta, agus go dtugtar cosaint do leasanna an phobail, lena n-áirítear leasanna leanaí, agus tiomantas ar leith ann do shábháilteacht leanaí. Féachfaidh an Coimisiún freisin lena áirithiú, maidir le beartais an Choimisiúin i leith seirbhísí craolacháin, gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann agus aird á tabhairt, i measc ábhair eile, ar a dteangacha agus a dtraidisiúin, ar a n-éagsúlacht agus, maidir le daoine faoi mhíchumas, a gceanglais le haghaidh inrochtaineacht ar na seirbhísí sin.

4.5. Ina theannta sin, ní mór don Choimisiún iarracht a dhéanamh a áirithiú lena shocruithe rialála (i) go dtabharfar aghaidh leo ar bhunábhar clár atá dochrach nó mídhleathach; (ii) go gcuirfear athrú teicneolaíoch agus sochaíoch san áireamh leo; agus (iii) go n-oibreoidh siad go comhréireach, go leanúnach agus go cothrom.

4.6. Le hAlt 7(3) den Acht déantar foráil, ina theannta sin, go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas *inter alia*:

- soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach ó sholáthraithe seirbhísí craolacháin a spreagadh.

- cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe a dhéanamh agus a chuid feidhmeanna á gcur i gcrích aige, agus an chinnteoireacht fhianaise-bhunaithe a chur chun cinn i measc na ndaoine lena ngabhann sé i gcomhairle.

- spreagadh a thabhairt chun forálacha an Achta a chomhlíonadh, mar aon le forálacha aon chóid, rialach nó ionstraime reachtúla eile a dhéantar faoi, ar aon bhealach a mheasann an Coimisiún a bheith iomchuí, lena n-áirítear trí threoraíocht a fhoilsiú faoin gcaoi a bhféadfaí na bearta sin a chomhlíonadh.

4.7. De bhun Alt 7(4) den Acht, i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna, tabharfaidh an Coimisiún aird ar na nithe seo a leanas: sábháilteacht leanaí, agus beartais fhoilsithe an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maidir leis an ábhar sin; rialáil an chearrbhachais, agus beartais fhoilsithe an Aire Dlí agus Cirt maidir leis an ábhar sin; an t-athrú aeráide agus an inbhuanaitheacht comhshaoil, agus beartais fhoilsithe an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir leis an ábhar sin; agus beartais fhoilsithe an Rialtais maidir le haon cheann de na hábhair sin.

4.8. Forbraíodh na Rialacha freisin ag féachaint d'fhorálacha an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017, agus Alt 8 go sonrach.[3]

# 5. Inscoiteacht

5.1. Má chinntear go bhfuil aon fhoráil de na Rialacha neamhdhleathach, neamhbhailí, toirmiscthe, do-infhorfheidhmithe nó neamh-infheidhme (ar bhonn ginearálta nó i dtaca le craoltóir ar leith) ar bhealach ar bith, ar bhonn aon dlí (lena n-áirítear an Bunreacht agus an dlí Eorpach), leis an gcinneadh sin, ní dhéanfar difear do dhlíthiúlacht, bailíocht, in-fhorfheidhmitheacht ná infheidhmitheacht aon fhorála eile de na Rialacha ná cuid díobh, mura rud é go ndearbhaítear go bhfuil an toradh infheidhme maidir le cibé foráil eile nó cuid di, nó go bhfuil an méid sin faoi réir an fhaoisimh arna dheonú ag cúirt.

[3] Sonraítear in Alt 8: Le linn do chraoltóirí (de réir bhrí an Achta Craolacháin 2009) a n-oibleagáidí i ndáil le spriocanna agus ceanglais maidir le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a chomhlíonadh i leith cláir a tharchuirfear ar sheirbhís craolacháin (de réir bhrí an Achta) arna soláthar ag an gcraoltóir mar atá leagtha amach sna rialacha craolacháin arna ndéanamh faoi alt 43 (1)(c) den Acht Craolacháin 2009 ag Údarás Craolacháin na hÉireann, cloífidh siad le prionsabail an chomhionannais, na dínite agus an mheasa i dtéarmaí cláir den sórt sin a chur chun cinn agus a chraoladh.

5.2. Gan dochar don mhéid roimhe seo, beidh gach foráil eile agus/nó cuid eile de na Rialacha fós lánéifeachtach, infheidhmithe agus in-fhorfheidhmithe. A mhéid is gá, is amhlaidh a bhainfear de na Rialacha aon fhoráil nó cuid de na Rialacha a chinntear a bheith neamhdhleathach, neamhbhailí, toirmiscthe, neamh-infhorfheidhmithe nó neamh-infheidhmithe.

# 6. Tarscaoileadh

6.1. Más amhlaidh nach bhfreagraíonn an Coimisiún d'aon aighneacht, measúnú, togra, tuairisc, ráiteas comhoiriúnachta ná d'aon doiciméad analógach a chuireann craoltóir faoina bhráid, nó mura ndéanann sé trácht uirthi nó air sin; ní mheasfar é sin a bheith ina ghlacadh ná ina fhaomhadh d'ábhar aon chuid den mhéid sin, agus ní thabharfar le tuiscint leis sin gur chomhlíon an soláthraí a chuid nó a cuid oibleagáidí faoin Acht agus/nó na Rialacha.

6.2. Gan dochar don mhéid roimhe seo, más amhlaidh nach bhfreagraíonn an Coimisiún d'aon doiciméad den sórt sin ná nach ndéanann sé trácht air, ní chruthófar urbhac in aghaidh an Choimisiúin leis, ná ní tarscaoileadh ón gCoimisiún a bheidh ann maidir le haon cheann dá chumhachtaí nó dá chearta de bhun an Achta agus/nó na Rialacha.

# 7. Comhlíontacht agus Forfheidhmiú

7.1. De bhun Alt 46O(11) den Acht, má mhainnítear cloí leis na Rialacha, is sárú é sin chun críocha Chuid 8B den Acht.

7.2. Áiritheoidh craoltóir go mbeidh córais agus rialuithe i bhfeidhm aige nó aici chun comhlíontacht leis na hoibleagáidí atá sna Rialacha a léiriú.

7.3. De bhun Alt 47(3) den Acht, ceanglaítear ar chraoltóir cód cleachtais a ullmhú agus a chur chun feidhme chun déileáil le gearáin a bhaineann le mainneachtain an tsoláthraí seirbhíse meán cloí le cód maidir le seirbhís meán nó riail maidir le seirbhís meán.

# 8. Gearáin agus Faisnéis

8.1 Féadfaidh duine gearán a dhéanamh má chreideann sé nó sí nár chomhlíon craoltóir na Rialacha.

Maidir leis sin agus ag féachaint don oibleagáid a chuirtear ar gach Ballstát den Aontas Eorpach faoi Airteagal 7 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc chun pointe teagmhála aonair atá so-inrochtana, lena n-áirítear ag daoine faoi mhíchumas, agus ar fáil go poiblí ar líne, a ainmniú chun faisnéis a sholáthar agus gearáin a ghlacadh maidir le haon saincheisteanna inrochtaineachta, tá Ionad Teagmhála bunaithe ag an gCoimisiún chun ceisteanna a láimhseáil agus gearáin a ghlacadh maidir le haon saincheisteanna inrochtaineachta.

Tá faisnéis faoi na Rialacha agus faoin bpróiseas láimhseála gearán, lena n-áirítear próiseas Choimisiún na Meán, le fáil ar ár suíomh gréasáin (https://www.cnam.ie/ga/) nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Coimisiún na Meán ar + 353 1 963 7755 nó ag usersupport@cnam.ie.

8.2. Molann an Coimisiún do ghearánaigh a ngearán a dhéanamh leis an gcraoltóir ar an gcéad ásc mar gurb é sin an bealach is tapúla chun gearán a bhreithniú agus freagra a thabhairt air.

# 9. Treoir

9.1. Féadfaidh an Coimisiún treoir ghinearálta neamhcheangailteach a chur ar fáil maidir le forálacha na Rialacha ach sin a bheith iarrtha nó de réir mar, agus nuair, a mheastar gur gá sin. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart treoir a fhoilsiú agus a leasú ó am go ham de réir mar is cuí leis an gCoimisiún.

9.2. Ní mór a áireamh sna hiarratais ar threoir an t-ábhar ábhartha atá nasctha leis an iarratas ar threoir. Ba cheart a lua go soiléir san iarratas an chuid/na codanna de na Rialacha, a gcreideann an t-iarrthóir go bhfuil siad ábhartha, agus ba cheart a leagan amach ann an cheist shonrach ar mhaith leis an iarratasóir tuairim a fháil ina leith. Ní ghlacann an Coimisiún le haon dliteanas as aon chinneadh (ná iarmhairtí a eascraíonn as) a dhéantar tar éis treoir ghinearálta neamhcheangailteach a fháil ón gCoimisiún.

# 10. Sainmhínithe

Maidir leis na téarmaí nach sainmhínítear thíos, tá na bríonna a thugtar dóibh leis an Acht.

Ciallaíonn **"seirbhísí rochtana"** fotheidealú, teidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus tráchtaireacht fuaime mar a shainmhínítear sna Rialacha.

Ciallaíonn **"tráchtaireacht fuaime"** tráchtaireacht lena dtugtar cur síos don lucht féachana nó éisteachta, ar a bhfuil lagú radhairc, ar a bhfuil ag tarlú ar an scáileán ag aon tráth ar leith. Cuirtear tráchtaireacht fuaime ar fáil chun feabhas a chur ar thuiscint an chláir agus ar thaitneamh as an gclár. Baintear úsáid as an dara fuaimrian sa teicníc sin lena dtugtar cur síos ar ábhar an chláir agus ar an aicsean ar an scáileán.

Ciallaíonn **"seirbhís meán closamhairc"**:

(a) seirbhís, de réir bhrí Airteagail 56 agus 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcás -

(i) go bhfuil príomhchuspóir na seirbhíse tiomnaithe do, nó

(ii) go bhfuil príomhchuspóir cuid indealaithe den tseirbhís tiomnaithe do,

cláir chlosamhairc a sholáthar, trí líonraí cumarsáide leictreonaí, don phobal i gcoitinne, faoi fhreagracht eagarthóireachta sholáthraí na seirbhíse, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a thabhairt, nó

(b) cumarsáid tráchtála chlosamhairc.

Ciallaíonn **"craoltóir"** soláthraí seirbhíse meán craoltaí teilifíse.

Ciallaíonn **"teidealú"** téacs ar an scáileán a léiríonn an méid atá á rá ar an scáileán. Cé go bhfuil sé cosúil le fotheidealú, níl sé chomh sofaisticiúil céanna agus bíonn léiriú níos bunúsaí ar an méid atá á rá ar an scáileán i gceist leis, uaireanta ní bhíonn ach dath amháin ann, bíonn sé focal ar fhocal agus d'fhéadfadh an téacs a bheith i gcás uachtair amháin.

Ciallaíonn **"líonra cumarsáide leictreonaí"** córais tarchurtha, cibé acu atá siad bunaithe ar bhonneagar buan nó acmhainneacht riaracháin láraithe, agus, i gcás inarb infheidhme, trealamh agus acmhainní eile a mhalartú nó a ródú, lena n-áirítear eilimintí líonra nach bhfuil gníomhach, agus lena gceadaítear iompar comharthaí ar mhodh sreinge, raidió, optúil nó leictreamaighnéadach eile, lena n-áirítear líonraí satailíte, líonraí fosaithe (ciorcadlasctha agus lasctha paicéad, lena n-áirítear an t-idirlíon) agus móibíleacha, córais de cháblaí leictreacha, a mhéid a úsáidtear iad chun comharthaí a tharchur, líonraí a úsáidtear le haghaidh craoltóireacht raidió agus teilifíse, agus líonraí teilifíse cábla, beag beann ar chineál na faisnéise a thugtar.

Ciallaíonn **"Teanga Chomharthaíochta na hÉireann"** teanga dhúchais nádúrtha phobal na mBodhar in Éirinn. Is teanga amhairc, spásúil í a chuireann brí in iúl trí na lámha, ach tríd an aghaidh agus tríd an gcolainn freisin. Tá a struchtúir, rialacha agus gnéithe casta féin ag Teanga Chomharthaíochta na hÉireann.

Ciallaíonn **"clár"** sraith íomhánna gluaisteacha lena ngabhann fuaim nó gan fuaim arb éard atá iontu mír aonair, beag beann ar a fad, laistigh de sceideal nó catalóg arna bhunú ag soláthraí seirbhíse meán, lena n-áirítear scannáin fhada, gearrthóga físeáin, imeachtaí spóirt, drámaí grinn suímh, cláir faisnéise, cláir do leanaí agus bunsaothar drámaíochta.

Ciallaíonn **"fotheidealú"** téacs ar an scáileán a léiríonn an méid atá á rá ar an scáileán. Is féidir le fotheidealú a bheith oscailte nó dúnta. Is fotheidealú é fotheidealú oscailte a fhanann ar an scáileán i gcónaí. Is féidir fotheidealú dúnta a dhéanamh infheicthe nó dofheicthe de réir mar is mian leis an lucht féachana, ag baint úsáid as cianrialtán, mar shampla. Bíonn fotheidealú formáidithe i dtreo is go gcabhródh sé le léirmhíniú agus tuiscint an téacs agus go nascfar leis an ngníomhaíocht ar an scáileán é ar bhealach níos cruinne.

Ciallaíonn **"craoltóireacht teilifíse"** nó **"craoladh teilifíse"** (i.e. seirbhís líneach meán closamhairc) seirbhís meán closamhairc a sholáthraíonn soláthraí seirbhíse meán chun féachaint go comhuaineach ar chláir ar bhonn sceideal clár.

# 11. Inrochtaineacht Seirbhísí Craoltóireachta Teilifíse

11.1. De bhun Alt 7 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc agus Alt 46O den Acht, chinn an Coimisiún sna Rialacha seo, agus leag sé amach iontu, na bearta comhréireacha is gá chun a áirithiú go ndéanfar cláir, a chuireann craoltóirí ar fáil, níos inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, agus sin ar bhonn leanúnach agus de réir a chéile.

11.2. Agus na cinntí sin á ndéanamh ag an gCoimisiún, chuir an Coimisiún i bhfeidhm a 'Phrionsabail Rochtana' agus a 'Thosca Tionchair' a leagtar amach in Aguisín 1. Tá na Prionsabail agus na Tosca sin beartaithe lena áirithiú go dtabharfaidh an Coimisiún aird ar indibhidiúlacht gach seirbhíse craolacháin le linn measúnú agus cinneadh a dhéanamh ar cé acu, agus cé mhéad, ba cheart nó nár cheart oibleagáidí a bheith ag seirbhís faoi na Rialacha.

11.3. Bainfidh an Coimisiún úsáid, ar bhonn leanúnach, as na 'Prionsabail Rochtana' agus na 'Tosca Tionchair' chun na bearta comhréireacha atá le déanamh ag craoltóirí faoi dhlínse an Stáit, de réir bhrí Alt 2A den Acht, a chinneadh. Oibreoidh craoltóirí leis an gCoimisiún agus soláthróidh

siad cibé faisnéis a éileoidh an Coimisiún le réasún ar mhodh tráthúil chun aon bhearta comhréireacha is gá chun comhlíontacht leis na Rialacha a chinneadh.

11.4. Tabharfaidh an Coimisiún na Rialacha cothrom le dáta bunaithe ar thorthaí aon chinnidh a dhéanann sé maidir leis sin.

# 12. Spriocanna le haghaidh Fotheidealú, Tráchtaireacht Fuaime agus Theanga Chomharthaíochta na hÉireann

12.1. Chinn an Coimisiún, tar éis a chuid Rialacha Rochtana agus Tosca Tionchair a chur i bhfeidhm, go n-áiritheofar leis na seirbhísí craolacháin seo a leanas a leagtar amach sa chuid seo go soláthraíonn siad na céatadáin shonraithe d'fhotheidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus tráchtaireacht fuaime ar chláir a chuirtear ar fáil ar a seirbhís nó ar a seirbhísí.

### Fotheidealú

12.2. Áiritheoidh craoltóirí go gcomhlíonfaidh siad na spriocanna agus na hamscálaí a cuireadh i bhfeidhm maidir lena seirbhís nó lena seirbhísí maidir le fotheidealú a sholáthar. Socraítear iad sin ag tagairt do chéatadán an aschuir ar cheart fotheidealú a bheith san áireamh ann. Tá na spriocanna go léir bunaithe ar amscála trí bliana. Déantar tagairt freisin do spriocanna atá le baint amach le linn tréimhsí buaic-ama (6i.n. – 11.30i.n.) agus don chéatadán den chlársceidealú le linn na tréimhse sin ar cheart fotheidealú a bheith acu.

12.3. Beidh aon mheasúnú ar na spriocanna fotheidealaithe arna dhéanamh ag an gCoimisiún bunaithe ar lá 18 n-uair an chloig ó 7r.n go dtí 1r.n. Bainfidh eisceacht le haon seirbhís ina bhfuil fad an lae craoltóireachta níos lú ná 18 uair an chloig. I gcúinsí den sórt sin, déanfar an ceanglas fotheidealaithe a thomhas thar fhad lá craoltóireachta na seirbhíse.

12.4. Ceadaítear do chraoltóirí teidealú éigin a chur san áireamh i mbaint amach spriocanna fotheidealaithe. Ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, áfach, ní mheasfaidh an Coimisiún go bhfuil cláir bhaile nua, ina bhfuil teidealú, infheidhme agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh spriocanna fotheidealaithe a leagtar amach sna Rialacha seo.

12.5. Seo a leanas na hamscálaí agus na spriocanna fotheidealaithe don tréimhse 2025-2027:

| | **2025** | **2026** | **2027** |
|---|---|---|---|
| **RTÉ 1** | 96%<br>(96% Buaic-am) | 96%<br>(96% Buaic-am) | 96%<br>(96% Buaic-am) |
| **RTÉ 2** | 90%<br>(90% Buaic-am) | 91%<br>(90% Buaic-am) | 92%<br>(90% Buaic-am) |
| **RTÉjr** | 60% | 61% | 62% |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **RTÉ News Now** | 30% | 31% | 32% |
| **Virgin Media 1** | 60%<br>(70% Buaic-am) | 62%<br>(70% Buaic-am) | 64%<br>(70% Buaic-am) |
| **Seirbhísí Eile de chuid Virgin Media**[4] | 55% den aschur comhcheangailte | 58% | 60% |
| **TG4** | 61%<br>(70% Buaic-am) | 62%<br>(72% Buaic-am) | 63%<br>(75% Buaic-am) |
| **+ 1 & HD Cainéil** | Cuirfear aon fhotheidealú á iompair ar an bpríomhsheirbhís teilifíse ar fáil ar Chainéil +1 agus HD | | |
| **Teilifís an Oireachtais**[5] | 18% | 19% | 20% |
| **CCTV** | 19% | 22% | 24% |
| **Teilifís Phobail Bhaile Átha Cliath** | 19% | 22% | 24% |

## Rialacha maidir le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ)

12.6. Áiritheoidh craoltóirí go gcomhlíonfaidh siad na spriocanna agus na hamscálaí a cuireadh i bhfeidhm maidir lena seirbhís nó lena seirbhísí maidir le TCÉ a sholáthar. Socraítear iad sin ag tagairt do chéatadán an aschuir ar cheart ISL a bheith san áireamh ann. Tá na spriocanna go léir bunaithe ar amscála trí bliana.

12.7. Ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar spriocanna ISL bunaithe ar lá 18 uair an chloig ó 7r.n. go dtí 1r.n. Beidh eisceacht ann i gcás seirbhísí, a maireann a lá craoltóireachta níos lú ná 18 n-uair an chloig. I gcúinsí den sórt sin, déanfar an ceanglas ISL a thomhas thar fhad lá craoltóireachta na seirbhíse.

12.8. Seo a leanas na hamscálaí agus na spriocanna TCÉ don tréimhse 2025-2027: -

| | **2025** | **2026** | **2027** |
|---|---|---|---|
| **RTÉ 1 & 2** | 6% | 8% | 10% |
| **RTÉ Jnr** | 6% | 7% | 8% |

[4] Virgin Media 2 agus Virgin Media 3. Is faoi Virgin Media a bheidh sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóigh a roinnfear an soláthar rochtana ar fud Virgin Media 2 agus 3 ach níor cheart ráta fotheidealaithe níos lú ná 15% a bheith ag aon seirbhís.
[5] Cuirtear Teilifís an Oireachtais ar fáil mar chainéal seirbhíse poiblí RTÉ trí Saorview agus mar sheirbhís phoiblí ar leith atá ar fáil ar theilifís chábla agus trí shatailít. Is ionann na gealltanais rochtana maidir leis an dá sheirbhís.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Virgin Media 1** | 2% | 3% | 4% |
| **Cainéil +1 agus HD** | Cuirfear aon ISL á iompair ar an bpríomhsheirbhís teilifíse ar fáil ar na cainéil +1/HD. | | |
| **Teilifís an Oireachtais** | 20% | 21% | 22% |

12.9. I gcás Theilifís an Oireachtais, féadfar soláthar TCÉ a chúiteamh i leith na spriocanna atá leagtha síos sna Rialacha seo maidir le fotheidealú ar an tseirbhís sin.

12.10. As an méadú iomlán ar sholáthar TCÉ a sholáthraítear ar bhonn bliantúil, is éard a bheidh i gcion, a chomhaontóidh an Coimisiún le gach craoltóir, ná cláir bhaile.

## Rialacha maidir le Tráchtaireacht Fuaime (AD)

12.11. Áiritheoidh craoltóirí go gcomhlíonfaidh siad na spriocanna agus na hamscálaí a cuireadh i bhfeidhm maidir lena seirbhís nó lena seirbhísí maidir le tráchtaireacht fuaime a sholáthar. Socraítear iad sin ag tagairt do chéatadán an aschuir ar cheart tráchtaireacht fuaime a bheith san áireamh ann. Tá na spriocanna go léir bunaithe ar amscála trí bliana.

12.12. Beidh aon mheasúnú ar na spriocanna tráchtaireachta fuaime arna dhéanamh ag an gCoimisiún bunaithe ar lá 18 n-uair an chloig ó 7r.n go dtí 1r.n. Bainfidh eisceacht le haon seirbhís ina bhfuil fad an lae craoltóireachta níos lú ná 18 uair an chloig. I gcúinsí den sórt sin, déanfar an ceanglas maidir le tráchtaireacht fuaime a thomhas thar fhad lá craoltóireachta na seirbhíse.

12.13 Seo a leanas na hamscálaí agus na spriocanna don tréimhse 2025-2027:

| | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|
| **RTÉ 1 & 2** | 12% | 14% | 16% |
| **RTÉ Jnr** | 15% | 18% | 20% |
| **Virgin Media 1** | 5% | 6% | 8% |
| **Cainéil +1 agus HD** | Cuirfear aon tráchtaireacht fuaime á hiompair ar an bpríomhsheirbhís teilifíse ar fáil ar na cainéil +1/HD. | | |

12.14. As an méadú iomlán ar sholáthar tráchtaireachta fuaime a sholáthraítear ar bhonn bliantúil, is éard a bheidh i gcion áirithe, a chomhaontóidh an Coimisiún le gach craoltóir, ná cláir bhaile.

12.15. I gcás soláthar tráchtaireachta fuaime arna chraoladh ag craoltóirí nach bhfuil oibleagáid éigeantach orthu ina leith sin, féadfar aon soláthar deonach den sórt sin a chúiteamh i leith na spriocanna maidir le fotheidealú.

# 13. Rialacha Ginearálta a Bhaineann le Fotheidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Tráchtaireacht Fuaime a Sholáthar

Tá feidhm ag na ceanglais seo a leanas maidir le seirbhísí craolacháin a chinn an Coimisiún go soláthrófar leo céatadán sonraithe d'aschur cláir le fotheidealú, TCÉ agus tráchtaireacht fuaime mar a shonraítear ag Alt 12 de na Rialacha.

**Caighdeáin Cháilíochta**

13.1. Áiritheoidh craoltóirí go gcomhlíonfaidh siad, a mhéid is indéanta déanamh amhlaidh, na caighdeáin cháilíochta a d'fhorbair an Coimisiún, agus atá leagtha amach ag Aguisín 2.

13.2. Déanfaidh craoltóirí bearta chun monatóireacht a dhéanamh ar ábhar ag an bpointe tarchuir chun a áirithiú go gcomhlíontar caighdeáin cháilíochta. Tabharfaidh an Coimisiún aird ar cháilíocht an tsoláthair agus measúnú á dhéanamh aige ar cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon craoltóir na spriocanna maidir le fotheidealú (teidealú san áireamh), TCÉ agus tráchtaireacht fuaime a leagtar amach sna Rialacha seo.

13.3. Admhaíonn an Coimisiún nach féidir le craoltóirí rialú a dhéanamh i gcónaí ar cháilíocht seirbhísí rochtana a fhaigheann an lucht féachana nó éisteachta a úsáideann ardáin teilifíse éagsúla (e.g. satailít, teilifís chábla, seirbhís saorchraolta etc). Tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar na tosca comhthéacsúla sin agus breithniú á dhéanamh ar nithe a bhaineann le cáilíocht an tsoláthair rochtana. Ina ainneoin sin, oibreoidh craoltóirí le soláthraithe ardáin d'fhonn aon saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go ham a réiteach.

**Éigeandálaí Náisiúnta:**

13.4. Chun a áirithiú go gcoimeádfar baill den lucht féachana a dteastaíonn seirbhísí rochtana uathu ar an eolas faoi éigeandálaí náisiúnta, áiritheoidh craoltóirí go gcuirfear aon fhaisnéis éigeandála (lena n-áirítear cumarsáid agus fógraí poiblí i gcásanna tubaiste nádúrtha) ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. Is trí fhotheidealú (i bhformáid oscailte más féidir) agus fuaim a sholáthar a dhéanfar sin, agus a dhóthain ama á thabhairt don lucht féachana nó éisteachta chun na mionsonraí a thabhairt faoi deara agus/nó a scríobh síos.

13.5. Áiritheoidh craoltóirí gurb amhlaidh le linn éigeandáil náisiúnta a dhéanfaidh siad na bearta indéanta uile chun faisnéis a chur san áireamh i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann. Ar a laghad, agus clúdach á dhéanamh ar fhógraí an Rialtais a bhaineann le héigeandáil náisiúnta, beidh ateangairí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann i láthair agus beidh siad le feiceáil go soiléir ag an lucht féachana ar feadh an chláir ar fad nó mhír an chláir. Ag féachaint d'fhorálacha an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017, meastar go ndéanfaidh an Rialtas, nó iad siúd atá ag obair ar a shon, comhoibriú le craoltóirí, agus faisnéis éigeandála á cur i láthair, chun tacú le cheanglais na Rialach seo agus Acht 2017.

**Soláthar Rochtana a Chur Chun Cinn**

13.6. Déanfaidh craoltóirí láithreacht agus úsáid na foirme nó na bhfoirmeacha soláthair rochtana atá le fáil ar a seirbhísí a chur chun cinn go rialta ar a seirbhísí. Go háirithe: -

i. Áiritheoidh craoltóirí go léireoidh aon liostú a chruthaítear agus a thaispeántar i meáin chlóite, i gcraoladh nó ar líne (lena n-áirítear trí na meáin shóisialta) na cláir sin a bhfuil soláthar rochtana ar fáil ina leith agus an cineál soláthair a sholáthraítear.

ii. Áiritheoidh craoltóirí go gcoimeádfar na liostuithe sin cruinn agus cothrom le dáta.

iii. Áiritheoidh craoltóirí i gcás ina gcuirfear cláir chun cinn ina bhfuil seirbhísí rochtana agus ag tús aon chlár den sórt sin go mbainfidh siad úsáid gach tráth as siombail chaighdeánach a léireoidh go bhfuil an clár inrochtana.

iv. Comhlíonfaidh craoltóirí treoirlínte a fhéadfaidh an Coimisiún a fhoilsiú ó am go ham maidir le seirbhísí rochtana a chur chun cinn ar sheirbhísí teilifíse le hoibleagáidí sonracha faoi na rialacha seo.

**Oibleagáid dul i gComhairle le hÚsáideoirí Rochtana**

13.7. Rachaidh craoltóirí i gcomhairle go tréimhsiúil, agus uair amháin ar a laghad in aghaidh na bliana, le grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar raon grúpaí éagsúla úsáideoirí rochtana, chun a dtuairimí a lorg maidir lena roghanna féachana, feidhmíocht an chraoltóra i dtaobh na Rialacha agus nithe gaolmhara eile.

**Pleananna Gníomhaíochta Bliantúla agus Tuairisciú**

13.8. Forbróidh craoltóirí plean gníomhaíochta inrochtaineachta bliantúil a bheidh le comhaontú leis an gCoimisiún, ina leagfar amach an modh ina gcomhlíonfaidh an craoltóir a chuid oibleagáidí faoi na Rialacha, lena n-áirítear an méid seo a leanas ach gan bheith teoranta dóibh sin:

i) Spriocanna a bhaint amach chun seirbhísí rochtana a shonraítear dá seirbhís nó dá seirbhísí faoi na Rialacha seo a sholáthar.

ii) Na bearta atá le déanamh chun cloí leis na caighdeáin cháilíochta arna bhforbairt ag an gCoimisiún faoi na Rialacha seo.

iii) Moltaí i ndáil le faisnéis éigeandála a sholáthar maidir le hAlt 13.4 agus 13.5.

iv) An modh ina gcuirfidh an craoltóir seirbhísí rochtana arna gcur ar fáil ar a chuid seirbhíse nó seirbhísí chun cinn.

v) Moltaí chun dul i gcomhairle le húsáideoirí seirbhísí rochtana, lena n-áirítear Eagraíochtaí Ionadaíocha um Dhaoine faoi Mhíchumas, maidir le seirbhísí rochtana a bheith á soláthar ag an gcraoltóir ar an tseirbhís a sholáthraíonn sé nó sí.

vi) Moltaí maidir lena chinntiú go bhfuil meicníocht inrochtana ann chun déileáil le gearáin agus fiosrúcháin ón lucht féachana agus éisteachta maidir le soláthar seirbhísí rochtana.

vii) Moltaí ón gcraoltóir chun cáilíocht a chuid seirbhísí rochtana a fheabhsú agus monatóireacht a dhéanamh ar a chuid seirbhíse chun a áirithiú go gcomhlíonfar caighdeáin cháilíochta go comhsheasmhach.

13.9. Rachaidh craoltóirí i gcomhairle le húsáideoirí rochtana agus a dtuarascáil inrochtaineachta bhliantúil á hullmhú.

13.10. Cuirfidh craoltóirí a gcéad phlean gníomhaíochta inrochtaineachta ar fáil don Choimisiún laistigh de shé mhí ó dháta foilsithe na Rialacha agus ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin

13.11. Foilseoidh craoltóirí a bplean inrochtaineachta bliantúil ar a suíomh gréasáin i bhformáid inrochtana agus soláthróidh siad cóip don Choimisiún lena foilsiú ar a shuíomh gréasáin.

13.12. Tuairisceoidh craoltóirí go bliantúil don Choimisiún, ar mhodh a shonróidh an Coimisiún tuilleadh, maidir lena bhfeidhmíocht i dtaobh a bplean gníomhaíochta inrochtaineachta agus i dtaobh fhorálacha na Rialacha ar an iomlán.

**Oifigeach Idirchaidrimh Rochtana**

13.13. Ainmneoidh craoltóirí duine nó daoine aonair chun déileáil le ceisteanna ón lucht féachana nó éisteachta maidir le cur i bhfeidhm na Rialacha ar a seirbhís nó ar a seirbhísí. Beidh sonraí teagmhála an Oifigigh Idirchaidrimh Rochtana ar fáil go poiblí, mar shampla, ar shuíomh gréasáin an chraoltóra. Cuirfear faisnéis teagmhála ar fáil ar bhealach inrochtana.

# Aguisín a hAon:

# Prionsabail Rochtana agus Tosca Tionchair

# Prionsabail Rochtana

Tá ceithre phrionsabal rochtana ann ina leagtar amach aidhmeanna na Rialacha Rochtana agus cur chuige an Choimisiúin i leith na Rialacha a shocrú. Is iad seo a leanas na ceithre phrionsabal: -

**i) Rochtain**

Treoirphrionsabal don Choimisiún is ea gur cheart an rochtain is iomláine agus is féidir a bheith ag na daoine sin den phobal, a bhfuil na Rialacha Rochtana ceaptha ar a son, ar chláir chlosamhairc agus ar a gcumas oideachas, eolas agus siamsaíocht a chur ar fáil. Tá an prionsabal sin le feiceáil sna Rialacha Rochtana sa mhéid is go bhfuil gach craoltóir faoi dhlínse an Stáit clúdaithe i bprionsabal ag na Rialacha.

**ii) Sármhaitheas**

Aithnítear leis an bprionsabal seo nach amháin go mbaineann na Rialacha Rochtana le fotheidealú, tráchtaireacht fuaime agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a chur ar fáil, ach go mbaineann sé freisin leis na caighdeáin agus leis an gcomhsheasmhacht nach mór a úsáid agus a bhaint amach ina seachadadh, lena n-áirítear treoirlínte dea-chleachtais maidir le cur i láthair fuaime agus amhairc araon. Chuige sin, d'fhorbair an Coimisiún sraith caighdeán nach mór do chraoltóirí a bhaint amach chun seirbhís rochtana ar ardchaighdeán a chinntiú.

**iii) Dul chun cinn de réir a chéile**

Admhaíonn an prionsabal seo go bhforbróidh leibhéal an fhotheidealaithe, na tráchtaireachta fuaime agus Theanga Chomharthaíochta na hÉireann de réir a chéile thar thréimhse ama. Éascóidh sé sin do chraoltóirí a gcumas agus a saineolas a fhorbairt tuilleadh chun an tseirbhís sin a sholáthar.

Tá úsáid amscála trí bliana sna Rialacha Rochtana bunaithe ar an bprionsabal soláthar rochtana a mhéadú i gcéimeanna incriminteacha, rud a ligeann don chraoltóir pleanáil a dhéanamh maidir le soláthar rochtana ar ardchaighdeán a fhorbairt agus a sheachadadh. Admhaíonn sé go bhfuil roinnt saincheisteanna seachas maoiniú nach mór aghaidh a thabhairt orthu chun soláthar rochtana a mhéadú.

**iv) Freagrúlacht**

Is é is aidhm don phrionsabal seo a chinntiú gur cheart forbairt an tsoláthair rochtana (fotheidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus tráchtaireacht fuaime) a bheith mar fhreagra ar na riachtanais agus na tosaíochtaí a léiríonn na grúpaí úsáideoirí chomh maith le caighdeáin a leagann an Coimisiún síos, i gcomhairle leis an gcraoltóir.

# Tosca Tionchair

Agus na Prionsabail Rochtana á gcur san áireamh, is iad na tosca tionchair iad sin a úsáideann an Coimisiún chun na spriocanna rochtana sonracha agus na hamscálaí sonracha a bhaineann leis na spriocanna sin a chinneadh, ar mhodh a léiríonn indibhidiúlacht gach seirbhíse atá faoi bhreithniú.

Is iad seo a leanas na tosca tionchair:

**a. Idirdhealú idir craoltóirí**

Déanann na Rialacha Rochtana idirdhealú idir craoltóirí bunaithe ar roinnt tosca. Is iad seo a leanas na tosca sin:

**i) Cineál na seirbhíse/na seirbhísí craoltóireachta a chuirtear ar fáil**

An seirbhís phoiblí nó seirbhís phríobháideach é an craoltóir? An bhfuil an craoltóir ag fáil airgead poiblí agus, dá bharr sin, an bhfuil dualgais seirbhíse poiblí níos mó air? An bhfuil aidhmeanna sonracha, bídís sin ina n-aidhmeanna cultúrtha, sóisialta nó teanga, ag an gcraoltóir nó ag an tseirbhís/na seirbhísí craolacháin a chuirtear ar fáil, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a chumas seirbhísí rochtana a sholáthar?

**ii) Céim forbartha an chraoltóra**

Cá fhad atá an craoltóir i mbun feidhme? Cén taithí atá ag an gcraoltóir ar sheirbhísí rochtana a sholáthar? An bhfuil leibhéal saineolais ann cheana féin laistigh den chraoltóir nó ar fáil dó maidir le soláthar seirbhísí rochtana? Cén sciar den phobal féachana atá acu sa mhargadh?

**iii) Leibhéal an tsoláthair reatha**

Cén leibhéal fotheidealaithe, Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus tráchtaireachta fuaime a chuireann na craoltóirí ar fáil faoi láthair? Cad é a dtúsphointe?

**iv) Cineál sceidil clársceidealúcháin**

An dtáirgeann an craoltóir cláir bheo? An bhfaigheann sé cláir go leor ó chraoltóirí eile? Cé mhéad de na cláir bhaile a sholáthraíonn an craoltóir? An gcruthaítear cláir go neamhspleách?

Tá na ceisteanna sin ábhartha, toisc go mbíonn tionchar ag an gcineál clársceidealúcháin sa sceideal/sna sceidil ar chostas, ar áiseanna teicniúla, ar phearsanra agus ar acmhainn an chraoltóra seirbhísí rochtana a sholáthar. I dtromlach na gcásanna, ceannaítear fotheidil ar leithligh ó na cláir agus ní cheannaítear iad mar chuid den chlár faighte.

**v) An costas teicniúil agus acmhainní daonna**

Cad iad na háiseanna agus an saineolas atá ann faoi láthair laistigh den chraoltóir chun seirbhísí rochtana a chur ar fáil?

**vi) Acmhainn theicniúil**

An bhfuil an acmhainn theicniúil ag an gcraoltóir seirbhísí rochtana a chur ar fáil? Cad iad na háiseanna agus cad é an saineolas a bheadh ag teastáil, ó thaobh leibhéil agus cineáil de?

**b.** **Maoiniú**

Tabharfaidh an Coimisiún aird ar an tionchar airgeadais ar dócha a bheidh ag aon cheanglas chun spriocanna agus amscálaí a leagtar síos chun seirbhísí rochtana a sholáthar a chomhlíonadh. Go sonrach, scrúdóidh an Coimisiún an cineál clársceidealúcháin thar sceidil éagsúla, lena n-áirítear líon na gclár athchraolta toisc go bhfuil tionchar aige sin ar na costais. Tabharfaidh an Coimisiún aird freisin ar chineál an chraoltóra, cé acu eintiteas príobháideach tráchtála nó eintiteas a mhaoinítear go poiblí atá ann.

Ba cheart a shonrú, áfach, go bhfuil sé deacair costais chinntitheacha a dhéanamh amach, mar i go leor cásanna beidh an costas ag brath ar na cinntí sceidealúcháin a dhéanfaidh craoltóirí, ar an gcineál clársceidealúcháin agus ar na cinntí a dhéanfar maidir leis an gclársceidealú a dtabharfaidh craoltóirí tús áite dó ar mhaithe le soláthar rochtana.

# Aguisín a Dó:
# Caighdeáin a Bhaineann le Fotheidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Tráchtaireacht Fuaime

# (i) Coimisiún na Meán – Caighdeáin Fotheidealaithe agus Teidealaithe

Tugann an chuid seo de na Rialacha achoimre ar na caighdeáin ghinearálta agus theicniúla atá ag teastáil maidir le soláthar fotheidealaithe agus teidealaithe. Leagtar amach sna caighdeáin sin an méid a éilítear ar chraoltóirí maidir le hAlt 13.1: Caighdeáin Cháilíochta. Féadfar na caighdeáin a athrú ó am go ham, de réir mar a mheastar a bheith cuí. Tugtar faoi deara nach féidir le hábhar teidealaithe gach ceann de na ceanglais atá leagtha amach sna caighdeáin seo a chomhlíonadh go hiomlán. Mar sin féin, ceanglaítear ar chraoltóirí a áirithiú go gcomhlíonfar na caighdeáin sin le hábhar teidealaithe ach amháin i gcás nach bhfuil sé sin indéanta, agus gur féidir é sin a léiriú go hoibiachtúil.

## 1. Príomhthosaíochtaí

Seo a leanas na príomhthosaíochtaí le haghaidh fotheidealú éifeachtach:

1.1 Ba cheart go leor am léitheoireachta a thabhairt don bhreathnóir.

1.2 Méadaítear an taitneamh a bhaineann breathnóirí as an gclár sna cásanna seo a leanas:

- Nuair a thagann na fotheidil leis an méid a deirtear go beacht, nuair a léirítear an focal labhartha leis an mbrí agus leis an gcastacht chéanna; gan chinsireacht.
- Nuair a bhíonn an chaint shoiléir agus maisíochtaí fuaime ábhartha sna fotheidil.
- Nuair a bhíonn fotheidil suite go ciallmhar ó thaobh ama agus spáis.

1.3 Ba cheart abairtí ar furasta iad a léamh agus a úsáidtear go coitianta a bheith sna fotheidil i bhformáid shlachtmhar chiallmhar.

1.4 Ba cheart do na fotheidil do leanaí a bheith oiriúnach d’aois léitheoireachta an lucht féachana atá beartaithe. Ba cheart do na fotheidil, nuair is indéanta, a bheith ina léiriú focal ar fhocal ar an méid a deirtear ar an scáileán.

## 2. Ceanglais Ghinearálta maidir le Taispeáint Fotheideal

### 2.1 Taispeáint Téacs Bhunúsach

Ba cheart carachtair teilitéacs a thaispeáint agus iad ar airde dhúbailte ag baint úsáid as ceannlitreacha agus litreacha beaga. Ba cheart focail laistigh d’fhotheideal a dheighilt le spás amháin.

Níor cheart téacs a chur ar fáil i mbloclitreacha ach amháin nuair is gá béim a chur ar fhocail mar a shonraítear i gcuid 5.1.

Ba cheart i gcónaí codarsnacht ard a bheith idir an téacs agus dath an chúlra, agus ar mhaithe le gnáthchuspóirí fotheidealaithe, ba cheart é a chur i láthair i mbosca dubh.

Beidh téacs comhfhadaithe sa lár de ghnáth, ach chun cabhrú le hinléiteacht is féidir é a chomhfhadú ar chlé, sa lár nó ar dheis ag brath ar cé acu atá nó nach bhfuil suíomh an chainteora inmhianaithe.

Ba cheart poncaíocht chaighdeánach a úsáid. Tugann poncaíocht leideanna luachmhara maidir le struchtúr comhréireach agus ní mór í a thaispeáint go cúramach le go mbeidh sí éifeachtach.

### 2.2 Dath

Mar a úsáidtear ar sheirbhísí analógacha, tá formáid ITU-R Teilitéacs teoranta d'infhaighteacht seacht ndath téacs éagsúla, lena n-áirítear bán; agus ocht ndath cúlra (bosca) éagsúla, dubh agus bán san áireamh. Ar mhaithe le gnáthchuspóirí fotheidealaithe, ba cheart dubh a úsáid, ach má úsáidtear cúlra daite ba cheart dath téacs a roghnú a bheidh inléite ar chúlra dubh freisin.

Is iad na dathanna téacs is soléite ar chúlra dubh ná bán, buí, cian agus glas. Ba cheart úsáid na ndathanna maigeanta, dearg agus gorm a sheachaint.

Má úsáidtear cúlra daite, is iad seo a leanas na foirne is soléite:

Gorm ar bhán;
Bán ar ghorm;
Dearg ar bhán;
Bán ar dhearg;
Cian ar ghorm;
Gorm ar chian;

As na roghanna sin, is fearr bán ar dhearg, bán ar ghorm agus cian ar ghorm, toisc go laghdóidh díchódóirí áirithe níos sine na foirne sin go bán thar a bheith inléite ar dhubh, nó cian ar dhubh. Úsáidtear dath i bhfotheidealú chun cabhrú le Sainaithint na gCainteoirí agus chun a léiriú go bhfuil Maisíochtaí Fuaime ann. Pléitear an méid sin níos déanaí sa cháipéis seo.

### 2.3 Carachtair Rialúcháin

Teastaíonn sé charachtar rialúcháin sa líne theilitéacs, nó ocht gcarachtar rialúcháin má úsáidtear cúlra daite, nuair a úsáidtear téacs daite ar airde dhúbailte i mbosca. Dá bhrí sin, is é 32 nó 34 charachtar in aghaidh na líne an spás uasta atá ar fáil do théacs na bhfotheideal.

### 2.4 Formáidiú

Moltar uasfhad fotheidil de dhá líne. Féadfar trí líne a úsáid i gcúinsí eisceachtúla má tá an fotheidealóir muiníneach nach mbeidh aon fhaisnéis phictiúir thábhachtach ceilte aige sin. Go hidéalach, ba cheart abairt iomlán amháin a bheith i ngach fotheideal freisin.

Ag brath ar luas na cainte, tá eisceachtaí ann don mholadh ginearálta sin, mar a leanas:

a) Fotheidealú fíor-ama.

b) Féadfar abairtí gearra a chur le chéile i bhfotheideal amháin má tá teorainn leis an am léitheoireachta atá ar fáil.

c) Abairtí an-fhada atá rófhada le bheith oiriúnach i bhfotheideal dhá líne amháin.

Tá dhá nós imeachta ann chun déileáil le cásanna den sórt sin:

(i) Abairtí fada a bhriseadh in dhá abairt ar leithligh nó níos mó agus iad a thaispeáint mar fhotheidil a thagann i ndiaidh a chéile.

(ii) Ligean d'abairt fhada amháin gabháil níos faide ná fotheideal amháin. Sa chás sin, ba cheart abairtí a dheighilt ag sosanna nádúrtha teanga sa chaoi is go mbeidh gach fotheideal ina aonad comhtháite teanga. Ba cheart tús áite a thabhairt do dheighilt ag teorainneacha clásail.

Mhothaigh breathnóirí go leor go bhfuil deighilt atá marcáilte le seicheamh poncanna (trí cinn ag deireadh fotheideal atá le leanúint ar aghaidh, agus dhá cheann ag tús na habairte leantaí) cabhrach.

Mar shampla:

| |
|---|
| Nuair a d'oscail mé<br>an doras... |

| |
|---|
| ..thuig mé go raibh<br>mé sa seomra sin<br>roimhe. |

### 2.5 Poncaíocht

Is féidir éifeachtacht na poncaíochta a fheabhsú ach spás aonair a úsáid ag na pointí seo a leanas:

i) roimh chomharthaí uaillbhreasa agus roimh chomharthaí ceiste,
ii) tar éis camóg, idirstadanna, leathstadanna agus lánstadanna lár-fhotheidil,
iii) ar an dá thaobh de dhaiseanna (ach ní i gcás fleiscíní idir focail)
iv) roimh lúibíní tosaigh agus camóga inbhéartaithe
v) tar éis lúibíní deiridh agus camóga inbhéartaithe.

### 2.6 Bristeacha Líne

Ba cheart do línte fotheidil críochnú ag sosanna nádúrtha teanga, go hidéalach ag teorainneacha clásail nó frásaí.

Cuireann bristeacha líne laistigh d'fhocal isteach go mór ar an bpróiseas léitheoireachta agus ba cheart iad a sheachaint.

Ba cheart cothromaíocht idir cúinsí teanga agus corraí súl a bheith sna fotheidil chomhfhadaithe. Dá bhrí sin, nuair a úsáidtear comhfhadú ar chlé, ar dheis agus sa lár chun suíomh an chainteora a chur in iúl, ní mór bristeacha líne a mheas go cúramach. Ba cheart an fad idir fotheidil a íoslaghdú, is é sin le rá, an rud a chiallódh go ngluaisfidh an tsúil an t-achar is lú chun dul ó líne amháin go dtí an chéad líne eile.

Ba cheart a bheith cúramach freisin cur isteach ar ábhar an phictiúir a sheachaint – is fearr línte fada tanaí ná fotheidil 'gearra agus ramhra', ach ní hamhlaidh a bhíonn sin i gcónaí.

I gcás bristeacha líne ar ghlacadóirí a mbaineann cóimheas treoíochta traidisiúnta (4:3) leo agus ar ghlacadóirí scáileáin leathain (16:9), ní mór an bhéim bhunaidh a bhí san fhotheideal a choinneáil.

### 2.7 Fotheidil a Shuí ar an Scáileán

Is iondúil go mbíonn fotheidil suite i dtreo bhun an scáileáin, ach tá sé tábhachtach nach gcuireann sé sin fotheidil 'ar an scáileán' faoi cheilt, ná aon chuid de bhéal an chainteora nó aon ghníomhaíocht thábhachtach eile a cheilt ach oiread.

D'fhéadfadh gur ainm an duine ar an scáileán a bheith i gceist leis an teideal 'ar an scáileán' etc. Bíonn eolas go leor ag cineálacha áirithe clár speisialta sa chuid íochtarach den scáileán agus i gcásanna den sórt sin beidh suíomh ag barr an scáileáin ina chaighdeán níos inghlactha.

Má bhíonn clúdach spóirt i gceist, níor cheart do na fotheidil scór an chluiche a cheilt. Taispeántar an scór sa chúinne uachtarach ar chlé den scáileán de ghnáth agus moltar go mbeadh fotheidil suite sa chúinne uachtarach ar dheis den scáileán.

Ba cheart fotheidil a thaispeáint go cothrománach agus i dtreo fhoinse na maisíochtaí fuaime nó, i gcás ina ndéantar an cainteoir a shainaithint, i dtreo an chainteora.

Nuair a bhíonn boscaí den mhéid agus den chruth céanna ag fotheidil i ndiaidh a chéile agus an dara bosca le bheith díreach os cionn na háite a raibh an chéad bhosca, tá sé úsáideach iad a shuí in áiteanna atá beagán difriúil ar an scáileán. Fágann sé sin go mbíonn sé níos éasca don bhreathnóir a thabhairt faoi deara go bhfuil athrú tagtha ar an bhfotheideal.

Baintear úsáid fhairsing ar na saolta seo as glacadóirí a mbaineann cóimheas scáileáin leathain 16:9 leo. Nuair a úsáidtear iad sin chun fotheidil a thaispeáint tá sé tábhachtach an bosca téacs a chosaint. Ní mór glacadóirí caighdeánacha a mbaineann cóimheas treoíochta 4:3 a bheith san áireamh ansin. Is féidir iad a chosaint trína chinntiú go gcuirtear fotheidil laistigh den 'Achar Slán le haghaidh Fotheideal' de thaispeáint 14:9.

## 3. Uainiú agus Sioncronú

Ní mór am go leor a thabhairt do bhreathnóirí leis na fotheidil a léamh. Caithfidh an fad ama a thaispeántar fotheidil ar an scáileán é sin a léiriú. D'fhéadfadh na rátaí taispeána brath ar ábhar an chláir.

Mar shampla, is féidir fotheidil ar luas níos tapúla a bheith ag cláir áirithe, amhail "sobaldrámaí", ina bhféadfaidh cur amach a bheith ag an mbreathnóir ar na carachtair, le hais dráma nach bhfuil eolas air nó clár faisnéise nach bhfuil chomh gasta céanna.

Níor cheart, de ghnáth, go rachadh an ráta taispeána fotheideal do chláir réamhthaifeadta thar 160 go 180 focal sa nóiméad. Is ionann 160fsn agus 800 carachtar sa nóiméad agus úsáidtear 2 shoicind in aghaidh na líne. Méadaítear na luasanna sin go dtí 180fsn nuair a úsáidtear forlíontáin (an luas léitheoireachta a mhéadú faoi aon ochtú arís).

Ba cheart fotheidil de chineál éigin a bheith ag gabháil leis an gcaint shoiléir ar fad. Ba cheart do na fotheidil a bheith le feiceáil láithreach nuair a thosaíonn an chaint agus ba cheart dóibh imeacht nuair a thiocfaidh deireadh leis an bpíosa cainte a bhaineann leo.

Ba cheart don sioncronú tarlú ag sosanna nádúrtha i dteorainneacha na n-abairtí sa chaint, nó nuair a athraíonn an radharc. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha céanna maidir le sioncronú le cainteoirí as seat agus le scéalaithe seachscáileáin go fiú.

# 4. Athruithe Seat

Nuair a bhíonn gearrtha ceamara ann agus fotheideal á thaispeáint bíonn ar bhreathnóirí dul ar ais chuig tús an fhotheidil, nach bhfuil léite ar fad fós, agus tús a chur lena léamh arís. I gcleachtas, aithnítear go gcruthaíonn minicíocht agus luas na n-athruithe seat i go leor clár fadhbanna tromchúiseacha don té a chruthaíonn na fotheidil.

Seo a leanas an treoir ghinearálta chun déileáil le gearrtha ceamara:

i) Is féidir le fotheidil a ghabhann níos faide ná athruithe seat a bheith ina gcúis le mearbhall suntasach agus ba cheart sin a sheachaint.

ii) Is iondúil go léiríonn athruithe seat tús nó deireadh na cainte, agus dá bhrí sin ba cheart d'fhotheidil tosú ar athrú seat nuair a bhíonn sé sin i sinc leis an gcainteoir.

iii) Ba cheart fotheideal 'a dhaingniú' thar athrú seat le soicind amháin ar a laghad chun am a thabhairt don léitheoir dul i dtaithí ar an bpictiúr nua.

iv) Ba cheart go seachnófaí fotheideal a chur isteach níos lú ná soicind amháin roimh ghearradh ceamara agus é a bhaint níos lú ná soicind amháin ina dhiaidh sin.

v) Ba cheart, nuair atá sé praiticiúil, do na fotheidil a bheith i gcomhréir shioncronach bheacht le gearradh ceamara.

vi) Nuair atá cinneadh le déanamh chun abairt amháin a dheighilt i níos mó ná fotheideal amháin, atá le cur timpeall ar ghearradh ceamara, ba cheart dó sin a bheith ag brath ar an féidir an abairt a dheighilt go nádúrtha agus an féidir am taispeána go leor a thabhairt do na fotheidil a eascraíonn as an gcinneadh sin.

# 5. Teicnící Speisialta

### 5.1 Béim agus Cur i bhFocail

Is féidir le téacs i gceannlitreacha méadú ar an bhfuaim a léiriú, mar shampla scairteadh, agus is féidir béim ar fhocal aonair a bhaint amach trí athrú ar dhath.

### 5.2 Tuin an Ghutha

I gcás ina bhfuil tuin an ghutha thar a bheith tábhachtach maidir le brí a chur in iúl, agus nach leor gothaí gnúise agus comharthaíocht choirp chun an tuin a chur in iúl, is féidir le húsáid as ‘(!)’ agus ‘(?)’ díreach tar éis cainte searbhas agus íoróin a chur iúl.

### 5.3 Sainaithint na gCainteoirí

Is cabhair ar leith é dathanna a úsáid chun cainteoirí ar leith a shainaithint, ach is féidir lena ró-úsáid mearbhall a chur ar dhaoine. Nuair is féidir, mar sin, ba cheart gach cainteoir a shainaithint le dath amháin ó thús deireadh an chláir.

I gcás cláir rialta amhail sobaldrámaí, ba cheart an fhoireann chéanna dathanna a úsáid do na fotheidil dhaite, nuair a úsáidtear dathanna, i rith na sraithe.

Is rogha eile é suíomh na bhfotheideal ar an scáileán agus comhfhadú a úsáid chun tacú le sainaithint na gcainteoirí. Is féidir gach fotheideal a bhogadh go cothrománach i dtreo an chainteora iomchuí. Ní mór, áfach, iad a shuí go cúramach nuair a bhogann carachtair thart agus iad ag labhairt. Is féidir dathanna a chur leis fós.

### 5.4 Guthanna Seachscáileáin agus as Seat

Nuair nach léir on méid atá le feiceáil cad as a bhfuil an chaint seachscáileáin/as seat ag teacht, ba cheart teicnící speisialta a úsáid.

Cuirtear cainteoirí as seat in iúl a bheag nó a mhór trí úsáid a bhaint as na siombailí ‘níos mó ná’ (>) nó ‘níos lú ná’ (<) de réir mar is cuí.

Nuair a úsáidtear caint seachscáileáin tríd an gclár, e.g. mar atá i gcláir faisnéise insinte, is é an cur chuige coiteann ná fotheidil a chur sa lár gan siombailí.

Ar na cásanna eile nach léir láithreach cad as a bhfuil an chaint ag teacht, tá guthanna teileafóin, an raidió, fógraí ó challairí poiblí, etc. Tá sé cabhrach teideal lipéadaithe a chur leis an gcéad fhotheideal ó na foinsí sin (Féach 2.9 Teicnící Eile), mar shampla:

| |
|---|
| CALLAIRE:<br>“Cuirigí oraibh bhur gcriosanna sábháilte, le bhur dtoil.” |

Bíonn gá uaireanta le lipéid ar a bhfuil ainm an charachtair, ar mhaithe le soiléireacht, e.g. radhairc shlua nó radhairc a dhéantar sa dorchadas.

```
JOHN: Cad a tharla do
na soilse?
```

## 6. Teicnící Dialóige

Ba cheart faisnéis fotheidil a bheith ag gabháil leis an gcaint shoiléir ar fad, ach i gcás dialóg thapa, d'fhéadfadh éifeacht 'staccato' nó éifeacht 'meaisínghunna' a bheith mar thoradh ar roinnt fotheidil ghearra agus iad taispeánta i seicheamh tapa.

Tá dhá réiteach fhéideartha ann chuige sin:

i) Úsáid a bhaint as Téacs dúbailte nuair a labhraíonn níos mó ná beirt charachtar ag an am céanna agus nuair a bhréagnaíonn siad a chéile mar shampla:

> Ar mhaith libh dul anois?

> Ba mhaith. Níor mhaith

Tá caint na beirte le fáil laistigh d'fhotheideal amháin, san áit inar cheart do gach fotheideal a thagann ar an scáileán a bheith ina thús den phíosa cainte lena mbaineann sé.

ii) Forlíontáin nó teidil charnacha a úsáid

Is í an úsáid is éifeachtaí a bhaintear as sin ná nuair a théann dhá fhotheideal go nádúrtha le chéile, mar shampla i gcás sraith ceisteanna agus freagraí nó deireadh jóc a chur in iúl. Sa chás sin, cuirtear an dara cuid den fhotheideal leis an gcéad chuid nuair a chuirtear tús leis an dara píosa cainte.

Buntáiste eile a bhaineann le forlíontáin ná go mbíonn cuma níos nádúrtha orthu nuair nach dtaispeántar an bheirt chainteoirí comhfhreagracha sa seat ceamara céanna. Ba cheart forlíontáin a úsáid go cúramach nó d'fhéadfadh sé go gcaithfí an chéad chuid den teideal carnach a léamh an athuair, agus d'fhéadfadh 'rabhadh bréige' agus frustrachas teacht as sin.

**Teicnící forlíontáin**

I gcás téacs dúbailte agus forlíontán araon, ba cheart an dara cuid a bheith le feiceáil ar an líne díreach faoi bhun na chéad choda de ghnáth. Má tá an dara cainteoir suite ar an scáileán ar dheis ón gcéad chainteoir, déantar an dara cuid den téacs dúbailte a bhogadh i dtreo na láimhe deise:

| An chéad chainteoir | |
|---|---|
| | An dara cainteoir |

Seo a leanas treoir ghinearálta maidir le húsáid téacs dhúbailte agus forlíontán:

i) Ní féidir téacs dúbailte a úsáid ach amháin nuair atá beirt charachtar nó níos mó ag labhairt ag an am céanna.

ii) Ba cheart tús áite a thabhairt d'fhorlíontáin nuair a labhraíonn beirt charachtar nó níos mó i ndiaidh a chéile agus nach mbíonn an t-am ann le fotheidil aonair a léiriú.

iii) Níor cheart d'fhad iomlán sraithe téacs dhúbailte nó sraithe forlíontán dul thar cheithre líne riamh.

## 7. Teicnící Eile

i) Is féidir le comharthaí singile athfhriotail '...' caint neamhshioncronach a chur in iúl, m.sh. guthú nó smaointe nó rud ar bith ar an scáileán atá ceangailte go feiceálach le caint.

ii) Léiríonn téacs gan mharcáil i gceannlitreacha agus litreacha beaga caint shioncronach, i.e. tá an cainteoir le feiceáil (an chuid is mó den am) agus tagann teidil dá réir.

iii) Is féidir le comharthaí dúbailte athfhriotail "..." caint atá á cur i láthair ar bhealach meicniúil a léiriú, e.g. an raidió, callaire, etc., nó píosa athfhriotail ó dhuine nó ó leabhar.

iv) Léiríonn téacs idir lúibíní gur cogarnach nó caint leataoibh atá ar siúl.

(SLOGADH FOCAL) Ní raibh
sé ansin.

v) Is féidir lúibíní a úsáid freisin chun an bealach ina labhraíonn duine a chur in iúl:

vi) Is féidir lipéad a chur le foinse na cainte ach ceannlitreacha a úsáid agus idirstad ina ndiaidh:

| |
|---|
| CALLAIRE:<br>“Cuirigí oraibh bhur gcriosanna sábháilte, le bhur dtoil.” |

| | |
|---|---|
| *JOHN:* | *Cad a tharla do na soilse?* |

vii) Ba cheart giorrúcháin neamhchoitianta, amhail SFX, a sheachaint.

## 8. Maisíochtaí Fuaime

Ba cheart fotheideal a chur le haon mhaisíocht fuaime nach bhfuil intuigthe láithreach ón aicsean atá le feiceáil. Áirítear ansin maisíochtaí fuaime a thagann chun léire san aicsean ina dhiaidh sin, e.g. teileafón ag bualadh sula bpioctar suas é, pléascán taobh amuigh sula léimeann gach duine faoin mbord.

Is fearr, de ghnáth, ráitis thuairisciúla ná litriú onamataipéach le haghaidh maisíochtaí fuaime. Ach ní mór comhthéacs agus seánra (cartúin i gcoinne na drámaíochta, mar shampla) a chur san áireamh.

Is fearr URCHAR GUNNA ná BANG!!! de ghnáth

Is féidir fotheidil maisíochtaí fuaime a úsáid go cliste freisin chun atmaisféar cúlra a chruthú le haghaidh radhairc:

GÁIR ÓN SLUA

CABAIREACHT BHEOGA

Trí dhath an chúlra (e.g. téacs bán ar chúlra dearg) agus téacs cás uachtair a úsáid, déantar idirdhealú idir fotheidil maisíochta fuaime agus fotheidil chainte.

## 9. Ceol

Ba cheart teideal an cheoil atá á sheinm a thabhairt, ar a laghad. Nuair is féidir, ba cheart focail amhráin a chur san áireamh. Tá sé sin thar a bheith tábhachtach sa chás ina mbeidh daoine níos óige le breathnú ar an gclár. Baineann tábhacht faoi leith le cláir phopcheoil, le ceoldrámaí agus le hamhráin a bhaineann le snáithe an scéil.

Ba cheart liricí amhrán a fhotheidealú focal ar fhocal; ach, má tá luas an amhráin an-sciobtha, féadfar leathrainn nó véarsaí iomlána a fhágáil ar lár.

Ba cheart liricí amhráin a dhéanamh soiléir trí chomhartha a léiriú. Is iad 'hais' nó 'géar' na comharthaí is minice a mbaintear úsáid astu. Nuair a bhíonn an chaint agus an t-amhrán measctha ina chéile, ba cheart a bheith cúramach gach teideal a chur in iúl mar is ceart.

D'fhéadfadh corr-fhotheideal, chun ceol atmaisféir a léiriú, má tá sé sin tábhachtach ó thaobh insint an scéil de, a bheith an-éifeachtach:

# CEOL GAELACH

Níor cheart a leithéid d'fhotheidil a úsáid ach go hannamh.

Tarlaíonn sé uaireanta go mbíonn radhairc i ndiaidh a chéile ann agus na radhairc dubh dorcha, agus is le hathruithe sa cheol teagmhasach a léirítear an t-athrú ó radharc go radharc. Sna cásanna sin, má bhíonn an t-am ann chuige, ba cheart don fhotheidealóir fotheidil den chineál seo a úsáid:

# CEOL MEIDHREACH BANNA RINCE

Ansin, nuair a thagann athrú suntasach ar luas an cheoil, cuirtear an fotheideal seo i láthair:

# ATHRAÍONN SÉ GO CEOL MALL RINCE

Cuirtear na breathnóirí bodhra agus faoi allaíre ar an eolas ansin faoin athrú radhairc.

## 10. Ciúnas

Nuair a bhíonn tostanna fada gan aon chaint i gcláir, d'fhéadfadh amhras teacht ar an mbreathnóir go bhfuil an córas teilitéacs tar éis cliseadh. I gcásanna den sórt sin, is mór an cúnamh é teideal míniúcháin a chur isteach, ar nós:

CEOL TOSAIGH

TOST FADA

CEOL RÓMÁNSÚIL

## 11. Cliseadh Fotheideal

Tagann an frustrachas céanna ar an mbreathnóir bodhar nó an breathnóir ar a bhfuil mallachar éisteachta nuair a chailltear fotheidil agus an frustrachas a bhíonn ar an té ag a bhfuil éisteacht nuair a chailltear an fhuaim.

Má chliseann ar na fotheidil, bíonn sé tábhachtach go dtagann tarchur leide aníos ina mbíonn leithscéal d'fhoclaíocht iomchuí faoin gcliseadh agus, má bhíonn moill ar tharchur na bhfotheideal a chur ina cheart, ba cheart míniúchán a thabhairt go luath ina leith sin.

## 12. Cláir a Fhaightear Isteach

Nuair a bhíonn fotheidil a fhaightear isteach á dtiontú ag craoltóirí ar mhaithe le comhlíonadh na n-íoschaighdeán atá leagtha amach sa chuid seo de na Rialacha, glactar leis nach féidir i gcónaí sioncronú iomlán ná na caighdeáin rátaí taispeána a bhaint amach.

Mar sin féin, ní mór do chraoltóirí a ndícheall a dhéanamh lena chinntiú go ndéantar fotheidil a shioncronú go hiomlán leis an bhfuaim agus leis an bhfíseán.

## 13. Fotheidealú don lucht féachana beartaithe, leanaí san áireamh

Mar gheall ar an ngnáthluas agus ar an ngnáthchastacht a bhaineann le fotheidealú, is féidir go ndéanfar mionlach de phobal na mBodhar, nach bhfuil an léamh róláidir acu, a fhágáil ar lár. I gcás a lán leanaí atá bodhar ón tréimhse réamhtheangach, tá ráta 70-80 focal sa nóiméad oiriúnach agus na fotheidil á gcur i láthair.

Ba cheart trí phríomhghléas eagarthóireachta a choinneáil i gcuimhne:

i) An méid téacs a laghdú tríd an luas léitheoireachta a laghdú agus focail agus abairtí neamhriachtanacha a bhaint.
ii) An bhrí ar fad a chur in iúl.
iii) Méadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as fotheidil trí líne agus líon na bhforlíontán a laghdú.

Ba cheart d’fhotheidil an focal labhartha a chur in iúl go cruinn agus, dá réir sin, níor cheart cinsireacht a dhéanamh air mura bhfuil fíorghá leis.

### 13.1 Fotheidil do Leanaí

Cé go mbaineann go leor leanaí bodhra atá níos sine ná 11 bhliain d’aois leas as fotheidealú caighdeánach, teastaíonn fotheidil níos simplí uathu siúd atá níos óige ná 11 bhliain d’aois. Moltar na treoirlínte seo a leanas maidir le fotheideal a chur ar chláir atá dírithe ar leanaí níos óige ná 11 bhliain d’aois.

i) Ba cheart don ghlór agus do na fotheidil a bheith ag teacht le chéile a oiread agus is féidir.

ii) Ba cheart straitéis a fhorbairt ina bhfágtar focail ar lár seachas iad a athrú chun fad na n-abairtí a laghdú.

## 14. Fotheidealú fíor-ama

Is féidir le táirgeadh agus tarchur fotheideal ar bhonn fíor-ama fadhbanna suntasacha a chruthú don fhotheidealóir agus don bhreathnóir araon. Ní sholáthraíonn teicnící fotheidealaithe reatha, go háirithe do chraoltaí beo, an tseirbhís ardchaighdeáin chéanna a bhfuiltear ag súil léi ó scripteanna réamhullmhaithe. Ba cheart teicnící den sórt sin a theorannú d’ócáidí nuair nach bhfuil am go leor ann chun fotheidil a ullmhú trí mhodhanna eile a úsáid.

Nuair a chuirtear fotheidil le chéile le haghaidh ábhair faisnéise ar nós na nuachta, ba cheart brí iomlán an ábhair a chur in iúl.

14.1 Treoirlínte maidir le Fotheidealú Fíor-ama

Ní mór i ngach cás iarrachtaí a dhéanamh cloí leis an méid seo a leanas:

i. Ba cheart céatadán ard de na focail a deirtear a bheith sna fotheidil.

ii. Ba cheart príomhfhíricí a bheith le feiceáil mar chéatadán ard den teachtaireacht labhartha.

iii. Seachnaítear príomhfhíricí nach bhfuil gá leo nó atá éagsúil leis na fíricí bunaidh.

iv. Nuair is féidir, seachnaítear bristeacha líne nach bristeacha nádúrtha teanga iad (briathra a dheighilt etc.).

v. Déantar iarracht na fotheidil a choinneáil leis na hathruithe seat (sioncronú).

vi. Seachnaítear fotheidealú a chur ar theidil físe atá ann cheana (sa nuacht, is minic nach féidir é sin a sheachaint, agus sa chás sin is féidir ainm cainteora a áireamh san fhotheideal má tá sé ar fáil).

vii. Ba cheart teideal ina ngabhtar leithscéal a sheoladh i gcás ina ndéantar botún mór nó ina mbíonn an fotheideal dothuigthe; agus, más féidir, an fotheideal a chur ar siúl arís agus an earráid curtha ina ceart.

Agus téacsanna ullmhaithe á gciúáil do chodanna den chlár a mbaineann script leo:

i) Déantar gach iarracht na téacsanna a chiúáil ionas go mbeidh siad ag teacht go dlúth leis na focail labhartha ó thaobh am tosaithe de.

ii) Ná cuirtear ainm na gcainteoirí san áireamh (mura labhraítear ó bhéal iad). Ba cheart do na fotheidil bogadh go suíomh difriúil ar an scáileán, nuair is féidir, dá dtarlódh go gcuirfí teidil an t-ainm faoi cheilt.

iii) Má thitear ar gcúl, ná déantar téacsanna a chiúáil amach go gasta – fágtar cuid acu ar lár agus leantar ar aghaidh ón áit cheart.

## 15. Seirbhísí Teilifíse Digití

De bharr teilifís dhigiteach a bheith tagtha ar an bhfód, tá an deis ann feabhas a chur ar fhotheidil ón taobh amhairc agus ón taobh teicniúil de araon. Bealach amháin ina bhféadfaí iad a fheabhsú is ea clófhoireann níos soléite a thabhairt isteach agus úsáid a bhaint as siombailí. Is é is cuspóir do na hathruithe sin ná an taitneamh a bhaineann an t-úsáideoir as an teilifís a mhéadú. Níor cheart iad a thabhairt isteach ar bhealach a chuirfeadh as don phríomhchuspóir atá leis an tseirbhís fotheidealaithe, is é sin cuidiú leis an tuiscint atá ag daoine atá Bodhar agus Faoi Allaíre ar chláir.

Leagann an chuid seo de na Rialacha síos caighdeáin maidir le comhaid fotheideal atá ann cheana a scríobhadh ar bhonn analógach a thiontú lena n-úsáid ar Theilifís Dhigiteach Trastíre (DTT) agus ar sheirbhísí digiteacha eile, amhail seirbhísí satailíte. Níl sé i gceist go gcuirfeadh na treoirlínte seo bac ar fheabhsuithe amach anseo, ach dul chun cinn a rialú ionas nach gcuirfear athrú claochlaitheach ar bith ar an gcleachtas reatha mura mbeidh machnamh agus comhairliúchán cúramach déanta ina thaobh sin.

i) Bainfidh aon Teilifís Dhigiteach Trastíre (DTT) úsáid as clófhoireann Tiresias do gach fotheideal.

ii) Ba cheart seirbhísí digiteacha eile a spreagadh chun an fhormáid sin a úsáid nó í a thabhairt chomh gar agus is féidir di.

iii) 24 líne theilifíse don cheannlitir 'V' is ea an mhéid ainmniúil atá le bheith sna fotheidil.

iv) Ar chúiseanna aga folaigh, seachnófar úsáid dian-fhotheideal ceithre líne, lena n-áirítear na cinn laistigh de "d'fhorlíontáin". (Ciallaíonn aga folaigh cur i láthair na bhfotheideal ar an scáileán. Ciallaíonn dian-fhotheidil iad siúd ina bhfuil cuid mhaith téacs sna sraitheanna fotheidil).

v) Maidir le fotheidil arna dtiontú ó chomhaid EBU 3264 (nó a leithéid) atá ann cheana nó ó théipeanna 335 beo réamhthaifeadta, coinneoidh siad an suíomh agus na bristeacha líne a bhain leis na fotheidil bhunaidh a mhéid is féidir.

vi) 12 dhath ar a mhéad a bheidh sa raon dathanna; beidh an raon dathanna sin fíorchosúil leis an raon a bhaineann le seachadadh teilitéacs analógaigh.

vii) Ba cheart an cleachtas atá ann faoi láthair maidir le '#' a úsáid chun ceol a chur in iúl a athrú go húsáid dhá leathchamán mar chuid den chlófhoireann Tiresias le go seachnófar mearbhall maidir leis an tsiombail haise a úsáidtear go coitianta ar ardáin meán sóisialta.

## 16. Nithe Eile

### 16.1 Éigeandálaí Náisiúnta:

Ní mór daoine bodhra agus daoine faoi allaíre a choimeád ar an eolas faoi éigeandálaí náisiúnta agus áitiúla.

Nuair a bhíonn faisnéis faoi éigeandálaí á craoladh nó á cur ar fáil, ba cheart an fhaisnéis chéanna, lena n-áirítear uimhreacha teileafóin ábhartha, a chur ar fáil, i bhfotheidil oscailte más féidir, agus am go leor a thabhairt chun na sonraí a scríobh síos.

### 16.2 Teidil ina nGabhtar Leithscéal

Nuair is féidir, ba cheart leithscéal nó míniú cuí a chur ar fáil chomh luath agus is féidir tar éis cliseadh fotheideal ar bith.

Ní mór do chraoltóirí, a gceanglaítear orthu fotheidil a sholáthar, a áirithiú go soláthraítear fotheidil choinbhinsiúnacha (a tharchuirtear ar líne thiomnaithe laistigh den VBI agus a bhfaightear rochtain orthu, de ghnáth, trí Leathanach 888 ar an gcianrialtán), ar gach seirbhís tarchuir analógach trastíre agus dhigiteach satailíte. Ba cheart do chraoltóirí den sórt sin a áirithiú, a mhéid is féidir, gur féidir

fotheidil a thabhairt ar aghaidh chuig córais atarchuir, lena n-áirítear córais chábla agus MMD, ach gan bheith teoranta dóibh.

Moltar do chraoltóirí taithí a fhorbairt i soláthar agus i dtarchur fotheideal digiteach. I gcás ina soláthraítear fotheidil go comhuaineach i ngnáthmhodhanna agus i modhanna digiteacha araon, ní chuirfear an acmhainn fotheideal coinbhinsiúnach san áireamh agus na spriocanna don fhotheidealú á gcinneadh.

# (ii) Coimisiún na Meán – Caighdeáin maidir le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann

Tugann an chuid seo de na Rialacha achoimre ar na caighdeáin ghinearálta agus theicniúla atá ag teastáil maidir le soláthar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann. Leagtar amach sna caighdeáin seo a n-éilítear ó chraoltóirí maidir le hAlt 13.1 Caighdeáin Cháilíochta. Féadfar na caighdeáin a athrú ó am go ham, de réir mar a mheastar a bheith cuí.

**Teanga Chomharthaíochta na hÉireann**

Is í Teanga Chomharthaíochta na hÉireann an teanga dhúchais atá ag pobal na mBodhar in Éirinn. Is teanga fhísiúil, spásúil í, agus tá comhréir agus struchtúr casta gramadaí dá cuid féin aici. Baineann gach teanga chomharthaíochta lena tír bhunaidh féin go sonrach. Tagraíonn na spriocanna a leagtar amach sna Rialacha Rochtana do sholáthar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann.

## 1. Formáid

Tá dhá bhealach ann chun rochtain teanga comharthaíochta a sholáthar ar chláir:

(i) Ateangaireacht. Déanann ateangaire ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (lena n-áirítear ateangairí bodhra) ateangaireacht agus comharthaíonn sé nó sí cláir bheo nó thaifeadta, nó míreanna de chláir. Is iondúil go ndéantar an íomhá den ateangaire a fhorleagan ar an gclár. Déantar tagairt dó sin níos faide anonn sa cháipéis seo mar ionsáiteán forleagtha.

(ii) Cur i Láthair. Soláthraíonn láithreoir, tráchtaire nó tuairisceoir ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann an phríomhtheanga sa chlár nó i mír den chlár. Déantar ateangaireacht ansin ar na comharthaí agus déantar iad a 'ghuthú', agus cuirtear fotheidil nó teidil leo de réir mar is cuí.

Is modhanna bailí iad cur i láthair agus ateangaireacht araon chun ceanglais na Rialacha Rochtana a chomhlíonadh.

## 2. Riachtanais Ghinearálta

### 2.1 Inniúlacht sa teanga chomharthaíochta

Ba cheart do chraoltóirí a chinntiú go bhfuil leibhéal cumais agus líofachta i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann ag ateangairí teanga comharthaíochta. Ba cheart don leibhéal inniúlachta agus líofachta i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann a éilíonn craoltóirí a bheith bunaithe ar eolas ó ghrúpaí úsáideoirí agus ionadaíocha agus ar dhaoine nó eagraíochtaí eile a bhfuil saineolas acu sa réimse sin.

### 2.2 Fuaimeanna seachscáileáin

Ba cheart don ateangaire nó láithreoir teanga comharthaíochta a léiriú go bhfuil fuaimeanna seachscáileáin ann (e.g. teileafón ag bualadh, cnag ar dhoras nó urchar gunna) sa chás ina bhfuil siad sin tábhachtach chun an clár a thuiscint.

### 2.3 Sioncronú

Ba cheart don ateangaireacht chomharthaíochta tosú ag an am céanna a thosaíonn an chaint. Is féidir nach mbeadh sé sin praiticiúil i gcónaí agus ateangaireacht á déanamh ar chláir bheo.

Fuarthas amach gur áis úsáideach d'ateangairí é uathleideoirí a úsáid agus gur féidir leis cabhrú i dtreo na sioncronachta.

Ba cheart d'uainiú na n-abairtí comharthaithe a bheith chomh gar don chaint agus is féidir. Ar an gcaoi chéanna, i gcás láithriú teanga comharthaíochta, ba cheart d'abairt "ghuthaithe" a bheith chomh gar agus is féidir don teanga chomharthaíochta.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil struchtúr gramadaí difriúil ag Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus ag an mBéarla agus nach féidir leis an dá theanga teacht go hiomlán le chéile. Ba cheart gach iarracht, nuair is indéanta, a dhéanamh an t-eolas céanna a sholáthar do na breathnóirí ar fad.

### 2.4 Monatóireacht

Ba cheart do chraoltóirí monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na seirbhíse ach teagmháil a dhéanamh le daoine atá bodhar agus faoi allaíre agus lena n-ionadaithe.

### 2.5 Leithscéal as cliseadh seirbhíse

Nuair is féidir é, ba cheart teideal nó fotheideal amhairc a thaispeáint nuair a chliseann ar an tseirbhís.

## 3. Treoirlínte a bhaineann go sonrach le hateangaireacht Theanga Chomharthaíochta na hÉireann

### 3.1 Caighdeán na taispeána

Nuair a bhíonn láithreoir nó ateangaire Theanga Chomharthaíochta na hÉireann á thaispeáint ar an scáileán taispeána, ba cheart an léiriú sin a bheith sách mór agus an taifeach sách grinn le go dtaispeánfar gluaiseachtaí uile na coda uachtaraí den cholainn mar aon leis na géaga, na lámha agus na méara, an ghualainn, an muineál agus gach corraíl ábhartha san éadan agus gach gotha gnúise.

Ba cheart na gothaí tábhachtacha go léir lena gcuirtear brí in iúl sa teanga chomharthaíochta a bheith inaitheanta go furasta agus go beacht.

### 3.2 Méid agus cruth na n-ionsáiteán forleagtha

Ní mór don ionsáiteán a bheith ar mhéid a fhágfaidh go mbeidh na gothaí colainne agus gnúise a luaitear thuas so-aitheanta agus an lucht féachana achar normálta ón scáileán. Is gnách go gcomhlíontar an coinníoll sin ach, i gcás inarb indéanta, íomhá de láithreoir nó ateangaire ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, agus é nó í gan chorraí, a fhrámú go measta ionas go mbeidh an séú cuid, ar a laghad, d’achar an phictiúir á ghlacadh aige nó aici.

I gcás cláir atá dírithe go príomha ar dhaoine bodhra agus daoine faoi allaíre agus atá san fhormáid “oscailte”, teicníc chabhrach is ea laghdú 25 faoin gcéad a dhéanamh ar an íomhá fhísiúil, cuir i gcás, agus an spás folamh atá fágtha ina dhiaidh sin a úsáid chun an t-ateangaire a shuí.

### 3.3 Rogha éadaí agus dathanna cúlra

Tá sé tábhachtach gur féidir an duine atá ag comharthú a dhéanamh amach go soiléir, mar shampla trí dhathanna pléineáilte atá i gcodarsnacht lena chéile agus soilsiú oiriúnach a úsáid. Níor cheart éadaí a bhfuil patrún orthu a chaitheamh. Níor cheart cur isteach ar aird an bhreathnóra leis an gcuma atá ar an ateangaire (e.g. an rogha éadaí agus na giuirléidí atá sé/sí a chaitheamh).

### 3.4 Sainaithint na gcainteoirí

Is féidir é sin a bhaint amach le teicnící amhail tagairt a bheith á déanamh ag láithreoir nó ateangaire Theanga Chomharthaíochta na hÉireann do dhuine trí athruithe ar fhéachaint na súl agus suíomh na colainne, nó trí ainm an chainteora a thabhairt agus aithris a dhéanamh air nó uirthi. (Tugtar léiriú carachtair ar an teicníc sin).

# (iii) Coimisiún na Meán – Caighdeáin maidir le Tráchtaireacht Fuaime

Tugann an chuid seo de na Rialacha achoimre ar na caighdeáin ghinearálta agus theicniúla atá ag teastáil maidir le soláthar tráchtaireachta fuaime. Leagtar amach sna caighdeáin sin an méid a éilítear ar chraoltóirí maidir le hAlt 13.1: Caighdeáin Cháilíochta. Féadfar na caighdeáin a athrú ó am go ham, de réir mar a mheastar a bheith cuí.

Tráchtaireacht is ea Tráchtaireacht Fuaime a thugann cur síos ó bhéal do bhreathnóir ar a bhfuil lagú amhairc ar a bhfuil ag tarlú ar an scáileán ag aon nóiméad ar leith, mar chabhair leis an gclár a thuiscint agus taitneamh a bhaint as.

## 1. An méid a bhfuil tráchtaireacht le déanamh air

Seo a leanas achoimre ar na gnéithe de chlár ar cheart tráchtaireacht a dhéanamh orthu.

i) Carachtair
Ba cheart tráchtaireacht fuaime a dhéanamh ar éadaí, tréithe fisiciúla, gothaí gnúise, comharthaíocht choirp, cúlra eitneach (más ábhartha don snáithe scéil) agus aois an charachtair.

ii) Suíomhanna
Ba cheart tráchtaireacht a dhéanamh ar an suíomh agus ar athruithe suímh, aon uair is féidir.

iii) An tráth den lá
Ba cheart tráchtaireacht a dhéanamh ar an tráth den lá atá ann, más cuí.

iv) Aicsean ar an scáileán
Ba cheart tráchtaireacht a dhéanamh ar an aicsean ar an scáileán.

v) Fuaimeanna nó maisíochtaí fuaime
Ba cheart tráchtaireacht a dhéanamh ar fhuaimeanna nó ar mhaisíochtaí fuaime nach bhfuil so-aitheanta.

vi) Teidil fhotheidealaithe
Ba cheart tráchtaireacht a dhéanamh ar aon chomharthaí nó scríbhneoireacht ábhartha ar an scáileán.

vii) Teidil Oscailte agus/nó Teidil Chreidiúna
Ba cheart tráchtaireacht a dhéanamh ar theidil oscailte agus ar theidil chreidiúna.

## 2. An uair le cur síos a dhéanamh

Tá sé tábhachtach nach gcuirfeadh an tráchtaireacht fuaime isteach ar an dialóg.

Ba cheart tráchtaireacht fuaime a dhéanamh nuair a bhíonn tostanna sa dialóg. Ní fhéadfaidh sí cur isteach ar an dialóg ach amháin nuair is dialóg neamhthábhachtach í nó dialóg a bhfuil fotheidil nó teidil léi, agus sa chás sin féin ní mór eolas ábhartha a thabhairt, nó an fotheideal nó an teideal a léamh. Más gá, is féidir í a dhéanamh os cionn focail amhráin.

Níor cheart tráchtaireacht fuaime a dhéanamh os cionn dialóg príomhshrutha. Níor cheart tráchtaireacht fuaime a dhéanamh os cionn maisíochtaí fuaime, i gcás ina gcuireann na maisíochtaí leis an scannán nó an tráchtaireacht, ná os cionn ceol tábhachtach cúlra.

## 3. An méid nach bhfuil tráchtaireacht le déanamh air

Níor cheart cur síos a dhéanamh ar thuairim phearsanta an tráchtaire i ndáil leis an aicsean ar an scáileán. Mar shampla, rud dofheicthe amhail inspreagadh nó réasúnaíocht don aicsean ar an scáileán, níor cheart tráchtaireacht a dhéanamh air sin.

Má tharlaíonn botúin san eagarthóireacht nó sa leanúnachas, níor cheart aithris a dhéanamh orthu sin sa tráchtaireacht fuaime.

## 4. Leibhéal Fuaime an Chláir

Nuair a chuirtear tráchtaireacht thuairisciúil isteach i gclár, ní mór leibhéal cúlra fhuaim an chláir a ísliú, ionas gur féidir an cur síos a chloisteáil go soiléir. Ba cheart a bheith cúramach lena chinntiú nach sáraíonn leibhéal fuaime na haithriseoireachta leibhéal an chúlra.

De ghnáth, ba cheart leibhéal fuaime na haithriseoireachta a choinneáil ag leibhéal seasmhach. Socraítear glór na haithriseoireachta ag leibhéal seasmhach ag tús an taifeadta agus is féidir a mhéad a chéimneofar leibhéal na príomhfhuaime ag na pointí cuí a réamhshocrú leis an stáisiún oibre.

## 5. Taifeadadh na Tráchtaireachta Fuaime

Bíonn eolas físe agus fuaime ar fáil do bhreathnóirí a bhfuil amharc na súl acu, ní hamhlaidh atá i gcás breathnóirí lagamhairc, a bhíonn ag brath ar gach uile fhocal a bheith soiléir. Níor cheart an tráchtaireacht a thabhairt faoi dheifir, dá bhrí sin; ba cheart do gach focal a bheith soiléir, inchloiste agus tráthúil ionas nach gcuirfidh siad isteach ar an dialóg a bheidh le teacht.

Cé gur cheart don ghlór a bheith neodrach, d'fhéadfadh sé gur cheart mothúchán a chur leis ag pointí éagsúla i scannáin éagsúla chun an t-atmaisféar a bhaineann leo agus forbairt an phlota a chur in iúl.

I gcás coiméide, ba cheart an aithriseoireacht a thabhairt ar bhealach seasmhach, ach mionghháire beag a bheith ann freisin. Níor cheart don tráchtaireacht a bheith ina taispeántas inti féin, áfach.

Ba cheart fanacht glan ar leaganacha cainte 'scannánúla' ar nós 'tá an ceamara ag peanáil ar chlé' etc. Níor cheart don tráchtaireacht cinsireacht a dhéanamh ar an méid atá ar an scáileán.

## 6. Gramadach agus Teanga

i) Ba cheart an aimsir láithreach a úsáid leis an ‘aimsir láithreach leanúnach’ i gcás gníomhaíochtaí leanúnacha.

ii) Ba cheart abairtí iomlána a úsáid, a oiread agus is féidir.

iii) Tá sé tábhachtach go n-úsáidtear ainmneacha dílse. Ní mór tuiscint a bheith ag breathnóirí lagamhairc cé na carachtair a bhfuiltear ag trácht orthu sa tráchtaireacht. Má bhaintear úsáid as ‘sé’ / ‘sí’, d’fhéadfaí mearbhall a chur ar an lucht féachana/éisteachta. Má tá baol míthuisceana ar bith ann i gcás ina bhfuil daoine éagsúla ar an scáileán ag an am céanna, ba cheart sin a shoiléiriú agus tagairt á déanamh d’ainmneach dílse.

iv) Tá aidiachtaí tuairisciúla tábhachtach, ach níor cheart tuairim phearsanta an tráchtaire a léiriú leo.

v) Ba cheart leithéidí ‘Feicimid...’ ‘Os ár gcomhair...’ a sheachaint de ghnáth.

## 7. Ord tosaíochta don eolas

Cuid ríthábhachtach den tráchtaireacht fuaime is ea an cur síos a dhéantar ar an suíomh mar atá sé; gan treoir ina thaobh sin, d’fhéadfadh an breathnóir lagamhairc dul amú sa scéal nó san aithriseoireacht.

Nuair a bhíonn roinnt daoine ag labhairt ag an am céanna, bíonn sé tábhachtach a shoiléiriú cé atá ag labhairt ag aon nóiméad ar leith. Is cabhair é ainmneacha dílse a athrá go minic le nach mbeidh na breathnóirí in aon amhras maidir le cé atá ag labhairt nó ag gníomhú.

Níor cheart íomhánna meafaracha ná leaganacha cliste cainte a úsáid ach amháin sa chás ina dtagann friotal den chineál sin le stíl an chláir.

Seachain an iomarca mionsonraí a thabhairt. Ní gá mionsonraí tuairisciúla a lua, ach amháin nuair is iad ábhar an chláir iad.

Seachain tráchtaireacht iomarcach a d’fhéadfadh an t-atmaisféar a bhaineann leis an radharc a lagú nó a d’fhéadfadh a bheith tuirsiúil nó bearránach fiú.

Níor cheart tuairimí pearsanta a thabhairt ná léirmhíniú a thabhairt ar na nithe a tharlaíonn; mar sin féin, ní mór freisin leideanna tábhachtacha físiúla a thabhairt do na breathnóirí lagamhairc a d’fhéadfaidís a chailleadh murach sin.

Níor cheart nithe follasacha a lua sa tráchtaireacht; cuir i gcás, nuair a bhuaileann an teileafón nó cloigín an dorais, ní gá cur síos a dhéanamh air sin ach amháin i gcás inar fuaimeanna neamhghnácha atá i gceist.

## 8. Sobaldrámaí

Is minic nach mbíonn am go leor ann le tráchtaireacht fhada a dhéanamh i sobaldrámaí mar go leanann na dialóga go gasta i ndiaidh a chéile agus is annamh a bhíonn radhairc iontu gan aon dialóg. Is gearr go dtéann breathnóirí lagamhairc a bhreathnaíonn go rialta ar shobaldrámaí i gcleachtadh ar ghuthanna na gcarachtar. Nuair a thugtar carachtar nua isteach sa sobaldráma, bíonn sé cabhrach dlús a chur le haithne ar an gcarachtar ach cur síos a dhéanamh ar a c(h)uid tréithe fisiciúla, ach ní gá eolas breise beathaisnéise a thabhairt mar gur féidir teacht ar an eolas sin sna seachtainí ina dhiaidh sin.

## 9. Cláir faisnéise maidir le cúrsaí reatha

Ní bhíonn an scóip chéanna ag cláir faisnéise maidir le cúrsaí reatha le tráchtaireacht a dhéanamh ar an ábhar toisc go mbíonn siad foclach, ach ba cheart gach clár a mheasúnú as féin. Ba cheart tráchtaireacht a dhéanamh ar fhotheidil nó teidil i gcláir den chineál sin.

## 10. Spórt agus Imeachtaí Beo

Is deacair tráchtaireacht fuaime a thabhairt ar chláir bheo lena ngabhann tráchtaireacht reatha cheana féin, ach is féidir é a dhéanamh i gcás cláir áirithe.

Moltar do chraoltóirí machnamh a dhéanamh ar riachtanais daoine lagamhairc gan tráchtaireacht fuaime a bheith ag teastáil (trí spleáchas ar théacs ar an scáileán agus ar shonraí i bhfoirm táblaí a laghdú).

## 11. Cláir do leanaí

Tá cinneadh déanta ag an gCoimisiún gur cheart béim ar leith a chur ar sheirbhísí rochtana do leanaí. Nuair a bhíonn cur síos á scríobh go sonrach do chláir do leanaí, ba cheart don stór focal agus dul na n-abairtí a bheith oiriúnach don aoisghrúpa dá bhfuil an clár beartaithe. Ba cheart do thuin na haithriseoireachta a bheith ag teacht le tuin an chláir féin.

## 12. Leithscéal faoi chliseadh seirbhíse

Nuair is féidir, ba cheart leithscéal nó míniú cuí ó bhéal a tharchur chomh luath agus is féidir tar éis don tseirbhís tráchtaireachta fuaime a bheith caillte nó cliste.